C/2023/1477

7.12.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11319 — EPEI / CASINO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1477)

1. An 1 Nollaig 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— EP Equity Investment S.à.r.l. ('EPEI', Lucsamburg), faoi rialú Daniel Křetínský,

— Casino, Guichard-Perrachon S.A. ('Casino', an Fhrainc), faoi rialú Groupe Rallye atá faoi rialú deiridh Jean Charles Naouri.

Gheobhaidh EPEI rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Casino ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta é EPEI atá gníomhach i réimsí éagsúla gnó, amhail mórdhíol bia san fhormáid íoc is iompair, miondíol earraí tomhaltais laethúla, fáil agus bainistiú sócmhainní meán, foilsiú irisí, fuinneamh, bonneagar, seirbhísí poist agus seachadta, ríomhthráchtáil, mórdhíol agus miondíol táirgí leictreonaice agus táirgí neamhbhia eile, an earnáil físchluichíochta,

— Is grúpa miondíola mórmhargaidh é Casino atá gníomhach i miondíol earraí tomhaltais laethúla trí hipearmhargaí, ollmhargaí, siopaí lascaine agus siopaí áise sa Fhrainc, sa Bhrasaíl, agus i gCamarún. Feidhmíonn Casino sa Fhrainc freisin mar mhiondíoltóir ar líne agus mar oibreoir margaidh Cdiscount atá dírithe ar tháirgí leictreonaice agus neamhbhia eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11319 — EPEI / CASINO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË